2026/1763

23.10.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/1763 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Iúil 2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a mhéid a bhaineann le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith díorthach, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194 a mhéid a bhaineann le horduithe pacáiste agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 a mhéid a bhaineann le sonraí ionchuir agus aschuir na teilitéipe comhdhlúite maidir le díorthaigh thar an gcuntar, agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(8), Airteagal 7(2), Airteagal 9(5), Airteagal 9(6), Airteagal 11a(3), Airteagal 21(5), agus Airteagal 22b(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go bhfuil an córas trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála le haghaidh díorthach simplí agus, an tráth céanna, calabraithe go hiomchuí, ba cheart díorthaigh a shonrú trí thagairt a dhéanamh don chineál conartha, don chineál foluiteach agus don tréimhse go dtí aibíocht. I bhfianaise ilchineálacht na margaí díorthach tráchtearraí, ba cheart conarthaí díorthach tráchtearraí a shonrú trí thagairt a dhéanamh do shaintréithe conartha breise, lena n-áirítear an cineál ualaigh agus suíomh seachadta na ndíorthach fuinnimh.

(2) Chun córas trédhearcachta réamhthrádála simplí agus cobhsaí a áirithiú le haghaidh díorthach, is iomchuí tairseacha seasta a thabhairt isteach chun a chinneadh cathain atá ordú díorthach ar ar scála mór. Chun gur féidir calabrú níos fearr a dhéanamh ar na tairseacha mórscála ar fud díorthaigh chothromais éagsúla arna dtrádáil ar an malartán, ba cheart na díorthaigh sin a ghrúpáil a thuilleadh ina bhfo-aicmí agus, i gcás gach fo-aicme, ba cheart na tairseacha mórscála a chalabrú trí bhandaí leachtachta a úsáid ar bhonn meánmhéideanna barúlacha laethúla.

(3) Le hAirteagal 11a de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, leagtar síos ceanglais maidir le foilsiú iarchurtha i leith díorthach agus cumhachtaítear don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus don Choimisiún a chinneadh cé na díorthaigh nó na haicmí díorthach atá leachtach, atá neamhleachtach, cén méid idirbhirt ar féidir foilsiú mhionsonraí an idirbhirt, agus fad na n-iarchur a iarchur os a cionn. Dá bhrí sin, is gá mionsonraí an chórais maidir le foilsiú iarchurtha i leith díorthach a chinneadh.

(4) Chun córas trédhearcachta simplí cobhsaí a áirithiú le haghaidh díorthach, is iomchuí cinneadh leachtachta ar bhonn seasta a thabhairt isteach chun críocha an chórais iarchurtha a leagtar amach in Airteagal 11a de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. Ar an gcúis chéanna, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh leachtachta sin ar bhonn seasta freisin chun críocha an tarscaoilte neamhleachtaigh le haghaidh díorthach a leagtar amach in Airteagal 9(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

(5) Chun córas trédhearcachta iarthrádála simplí cobhsaí a áirithiú le haghaidh díorthach, ba cheart an córas iarchurtha a leagtar amach in Airteagal 11a de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a bheith bunaithe ar thairseacha seasta chun a chinneadh cad is idirbheart meánmhéide, idirbheart mórmhéide agus idirbheart de mhéid an-mhór ann. Ba cheart na tairseacha méide sin a bheith ina dtairseacha íosta. Dá bhrí sin, ba cheart oibreoirí margaidh agus gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu a bheith in ann tairseacha níos airde a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí. Chun gur féidir calabrú níos fearr a dhéanamh ar na tairseacha meánmhéide, mórmhéide agus de mhéid an-mhór ar fud díorthaigh chothromais éagsúla arna dtrádáil ar an malartán, ba cheart na díorthaigh sin a ghrúpáil a thuilleadh ina bhfo-aicmí agus, i gcás gach fo-aicme, ba cheart na tairseacha meánmhéide, mórmhéide agus de mhéid an-mhór a chalabrú trí bhandaí leachtachta a úsáid ar bhonn meánmhéideanna barúlacha laethúla.

([1]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj.

(6) Le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, ní cheadaítear do ESMA ná d'údaráis inniúla an córas iarchurtha a fhorlíonadh de bhun an Rialacháin sin ach amháin i ndáil le hionstraimí fiachais cheannasaigh. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún ([2]) a scriosadh.

(7) Le hAirteagal 1(8), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, ceanglaítear ar ESMA sonrú a dhéanamh ar na hoibríochtaí beartais airgeadaíochta, malairte eachtraí agus cobhsaíochta airgeadais agus na cineálacha idirbheart a bhfuil feidhm ag Airteagal 1(6) agus (7) den Rialachán sin maidir leo a mhéid a bhaineann le comhaltaí den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) nach comhaltaí den Eurochóras iad. Ós rud é nach gcumhdaítear le raon feidhme an chumhachtaithe a leagtar síos in Airteagal 1(8), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ach idirbhearta a dhéanann comhaltaí CEBC nach comhaltaí den Eurochóras iad, ba cheart Airteagail 14 agus 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a leasú dá réir sin.

(8) In Airteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 maidir le hoibleagáidí trédhearcachta a chur ar fionraí go sealadach, tá tagairtí d'fhorálacha eile den Rialachán sin agus de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. I bhfianaise na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583, ba cheart na tagairtí sin a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a leasú dá réir sin.

(10) Mar thoradh ar na leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583, ba cheart tagairtí lena sonraítear raon feidhme beacht na n-aicmí sócmhainní a chumhdaítear leis na forálacha sin a chur in ionad na dtagairtí don Iarscríbhinn sin in Airteagal 1(a), pointe (ii), agus in Airteagail 3, 4 agus 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194 ón gCoimisiún ([4]). Thairis sin, ba cheart Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194 a ailíniú le raon feidhme na ndíorthach thar an gcuntar faoi réir ceanglais trédhearcachta de bhun Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

(11) Is éard atá in orduithe pacáiste orduithe idirnasctha a dhéantar a phraghsáil mar aonad eacnamaíoch aonair, agus tá riosca ábhartha eacnamaíoch nó airgeadais ag baint le gach comhpháirt i gcomparáid leis na cinn eile. Bheadh sé ar neamhréir leis an gcineál sin trédhearcacht réamhthrádála a éileamh le haghaidh pacáiste den sórt sin i gcás nach mbeadh ceann amháin ar a laghad dá chomhpháirteanna faoi réir ceanglais trédhearcachta réamhthrádála. Dá bhrí sin, níor cheart orduithe pacáiste a bheith faoi réir ceanglais trédhearcachta réamhthrádála ach amháin i gcás ina bhfuil a gcomhpháirteanna uile faoi réir na gceanglas sin.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194 a leasú dá réir sin.

(13) Na sonraí ionchuir agus aschuir is gá chun an teilitéip chomhdhlúite le haghaidh bannaí a oibriú, mar a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 ón gCoimisiún ([5]), tá siad bunaithe ar na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583, agus, dá réir sin, cuimsítear iontu freisin sonraí maidir le tráchtearraí arna dtrádáil ar an malartán ('ETCanna') agus nótaí arna dtrádáil ar an malartán ('ETNanna'). Mar sin féin, is féidir le cuimsiú sonraí maidir le ETCanna agus ETNanna sa teilitéip chomhdhlúite le haghaidh bannaí a bheith míthreorach, ós rud é go bhfuil ETCanna agus ETNanna níos cosúla le scaireanna agus ETFanna ná le bannaí. Dá bhrí sin, níor cheart sonraí maidir le ETCanna agus ETNanna a thuairisciú agus a scaipeadh leis an teilitéip chomhdhlúite le haghaidh bannaí.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (IO L 087, 31.3.2017, lch. 229 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/583/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, deireadh a chur leis na bacainní atá ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite, na ceanglais trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe (IO L, 2024/791, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/791/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais i ndáil le horduithe pacáiste (IO L 312, 28.11.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/2194/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear sonraí ionchuir agus aschuir teilitéipeanna comhdhlúite, sioncrónú clog gnó agus athdháileadh ioncaim ag an soláthraí teilitéipe comhdhlúite le haghaidh scaireanna agus ETFanna, agus lena t-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/574 ón gCoimisiún (IO L, 2025/1155, 3.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1155/oj).

(14) Sonraítear le Rialachán Tarmligthe 2025/1155 sonraí ionchuir agus aschuir na teilitéipe comhdhlúite le haghaidh bannaí agus na teilitéipe comhdhlúite le haghaidh scaireanna agus ETFanna. I bhfianaise teilitéip chomhdhlúite le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar a bhunú, is gá sonraí ionchuir agus aschuir na teilitéipe comhdhlúite le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar a shonrú freisin. Chun ualach míchuí ar rannchuiditheoirí sonraí a sheachaint, agus ábhar na sonraí atá le tarchur chuig an teilitéip chomhdhlúite le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar agus le scaipeadh aici á chinneadh, tá sé tábhachtach comhsheasmhacht a áirithiú leis na ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála le haghaidh díorthaigh a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 agus, a mhéid is féidir, leis na sonraí atá le tarchur chuig na teilitéipeanna comhdhlúite eile agus le scaipeadh acu.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 a leasú dá réir sin.

(16) Leasaíodh Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún ([6]) le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1246 ón gCoimisiún ([7]). Leis an leasú sin, scriosadh Airteagal 12(6) de thaisme lenar ceanglaíodh ar ghnólachtaí infheistíochta na bearta réasúnacha uile a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfí an t-idirbheart ar fáil don phobal mar idirbheart aonair. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1246, coinníodh Airteagal 12(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 de thaisme freisin.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 a cheartú dá réir sin.

(18) Chun a ndóthain ama a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh ullmhú do na ceanglais nua, agus bunú tráthúil na teilitéipe comhdhlúite maidir le díorthaigh thar an gcuntar á áirithiú an tráth céanna, ba cheart dáta chur i bhfeidhm na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 agus ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194, agus na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 a bhaineann le sonraí ionchuir agus aschuir na teilitéipe comhdhlúite maidir le díorthaigh thar an gcuntar a iarchur.

(19) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin atá an Rialachán seo bunaithe. Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(20) Chuathas i gcomhairle leis an sainghrúpa páirtithe leasmhara maidir le cáilíocht agus prótacail tarchurtha sonraí margaidh cothromais agus neamhchothromais i gcomhréir le hAirteagal 11a(3) agus Airteagal 22b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

(21) Chun córas trédhearcachta éifeachtach agus bunú rathúil na teilitéipe comhdhlúite le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar a áirithiú, agus ós rud é go mbaineann forálacha uile an Rialacháin seo le trédhearcacht réamhthrádála agus iarthrádála, is gá na leasuithe ar Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/583, (AE) 2017/2194 agus (AE) 2025/1155 agus an ceartúchán ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 a chuimsiú in aon Rialachán amháin,

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1246 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2025 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/583 agus (AE) 2017/587 a mhéid a bhaineann le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltais astaíochtaí, agus ionstraimí cothromais (IO L, 2025/1246, 3.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1246/oj).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith scaireanna, admhálacha taisclainne, cistí arna dtrádáil ar an malartán, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile agus i dtaca le hoibleagáidí forghníomhaithe idirbheart i ndáil le scaireanna áirithe ar ionad trádála nó le hinmheánaitheoir córasach (IO L 087, 31.3.2017, lch. 387, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/587/2026-03-02).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena t-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 mar a leanas:

(1) scriostar Airteagal 1a;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

Orduithe atá ar scála mór le haghaidh díorthach

(Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

1. Beidh ordú i ndíorthaigh arna dtrádáil ar an malartán ina ordú mór i gcomparáid le gnáthmhéid an mhargaidh más rud é, tráth theacht isteach an ordaithe nó tar éis aon leasú a dhéanamh ar an ordú, go bhfuil sé cothrom leis na tairseacha seo a leanas nó níos mó ná iad:

(a) maidir le díorthaigh chothromais, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 4.1 d'Iarscríbhinn III;

(b) maidir le díorthaigh ráta úis, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 4.2 d'Iarscríbhinn III;

(c) maidir le díorthaigh tráchtearraí agus díorthaigh lamháltas astaíochtaí, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 4.3 d'Iarscríbhinn III;

(d) maidir le díorthaigh chreidmheasa, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 4.4 d'Iarscríbhinn III;

(e) maidir le díorthaigh malairte eachtraí, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 4.5 d'Iarscríbhinn III;

(f) maidir le díorthaigh urrúsaithe, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 4.6 d'Iarscríbhinn III;

(g) maidir le díorthaigh eile, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 4.7 d'Iarscríbhinn III.

2. Beidh ordú i ndíorthaigh thar an gcuntar dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ina ordú mór i gcomparáid le gnáthmhéid an mhargaidh más rud é, tráth theacht isteach an ordaithe nó tar éis aon leasú a dhéanamh ar an ordú, go bhfuil sé cothrom leis na tairseacha seo a leanas nó níos mó ná iad:

(a) maidir leis na babhtálacha mainneachtana creidmheasa a thagann faoi raon feidhme Airteagal 8a(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 5.1 d'Iarscríbhinn III;

(b) maidir le díorthaigh ráta úis dá dtagraítear in Airteagal 8a(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 5.2 d'Iarscríbhinn III;

(c) maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa aonainm dá dtagraítear in Airteagal 8a(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 5.3 d'Iarscríbhinn III;

(d) maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 8a(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, na tairseacha réamhthrádála ar scála mór a leagtar amach i dTábla 5.4 d'Iarscríbhinn III.';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'*Airteagal 6*

Na haicmí díorthach nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith

(Airteagal 9(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

1. Chun a chinneadh an measfar nach bhfuil margadh leachtach ag díorthach arna thrádáil ar an malartán, beidh feidhm ag an gcinneadh leachtachta ar bhonn seasta seo a leanas:

(a) maidir le díorthaigh chothromais, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 4.1 d'Iarscríbhinn III;

(b) maidir le díorthaigh ráta úis, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 4.2 d'Iarscríbhinn III;

(c) maidir le díorthaigh tráchtearraí agus díorthaigh lamháltas astaíochtaí, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 4.3 d'Iarscríbhinn III;

(d) maidir le díorthaigh chreidmheasa, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 4.4 d'Iarscríbhinn III;

(e) maidir le díorthaigh malairte eachtraí, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 4.5 d'Iarscríbhinn III;

(f) maidir le díorthaigh urrúsaithe, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 4.6 d'Iarscríbhinn III;

(g) maidir le díorthaigh eile, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 4.7 d'Iarscríbhinn III.

2. Chun a chinneadh an measfar nach bhfuil margadh leachtach ag díorthach thar an gcuntar dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, beidh feidhm ag an gcinneadh leachtachta ar bhonn seasta seo a leanas:

(a) maidir leis na babhtálacha mainneachtana creidmheasa a thagann faoi raon feidhme Airteagal 8a(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 5.1 d'Iarscríbhinn III;

(b) maidir le díorthaigh ráta úis dá dtagraítear in Airteagal 8a(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 5.2 d'Iarscríbhinn III;

(c) maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa aonainm dá dtagraítear in Airteagal 8a(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 5.3 d'Iarscríbhinn III;

(d) maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 8a(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, an cinneadh a leagtar amach i dTábla 5.4 d'Iarscríbhinn III.';

(4) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Áireofar san fhaisnéis a bhaineann le hidirbheart pacáiste bratach an idirbhirt pacáiste nó bratacha an idirbhirt malartaithe le haghaidh sócmhainní fisiceacha a shonraítear i dTábla 3 d'Iarscríbhinn II. I gcás ina mbeidh idirbheart pacáiste incháilithe d'fhoilsiú iarchurtha, cuirfear faisnéis maidir le gach comhpháirt ar fáil tar éis don tréimhse iarchurtha le haghaidh an idirbhirt dul i léig.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'*Airteagal 8*

Foilsiú iarchurtha idirbheart le haghaidh díorthach

(Airteagal 11a(1) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

1. Féadfaidh oibreoirí margaidh a bhfuil margadh rialáilte á oibriú acu foilsiú mionsonraí idirbheart i leith díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán a iarchur, i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) maidir le díorthaigh chothromais, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 4.1 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin;

(b) maidir le díorthaigh ráta úis, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 4.2 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin;

(c) maidir le díorthaigh tráchtearraí agus díorthaigh lamháltas astaíochtaí, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 4.3 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin;

(d) maidir le díorthaigh chreidmheasa, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 4.4 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin;

(e) maidir le díorthaigh malairte eachtraí, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 4.5 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin;

(f) maidir le díorthaigh urrúsaithe, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 4.6 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin;

(g) maidir le díorthaigh eile, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 4.7 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin.

2. Féadfaidh oibreoirí margaidh agus gnólachtaí infheistíochta a bhfuil saoráid trádála iltaobhach (MTF) nó saoráid trádála eagraithe (OTF) á oibriú acu agus gnólachtaí infheistíochta a thrádálann lasmuigh d'ionad trádála foilsiú mionsonraí idirbheart i leith díorthaigh thar an gcuntar dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a iarchur i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) maidir leis na babhtálacha mainneachtana creidmheasa a thagann faoi raon feidhme Airteagal 8a(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 5.1 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin;

(b) maidir le díorthaigh ráta úis dá dtagraítear in Airteagal 8a(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 5.2 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin;

(c) maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa aonainm dá dtagraítear in Airteagal 8a(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 5.3 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin;

(d) maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 8a(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, iarchur méid agus iarchur praghais nach faide ná an fad a leagtar amach i dTábla 5.4 d'Iarscríbhinn III, le haghaidh gach catagóire idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear sa Tábla sin.';

(6) scriostar Airteagail 9, 10 agus 11;

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

'*Airteagal 13*

Modheolaíocht chun na tairseacha trédhearcachta le haghaidh díorthaigh chothromais a chinneadh

(Airteagal 9(1), pointe (a), agus Airteagal 11a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

1. Chun an tairseach réamhthrádála ar scála mór agus an tairseach méide iarthrádála is infheidhme a chinneadh le haghaidh díorthach cothromais áirithe arna thrádáil ar an malartán, déanfaidh oibreoirí margaidh a bhfuil margadh rialáilte á oibriú acu gach aicme díorthach cothromais a dheighilt ina bhfo-aicmí, mar a leagtar amach i dTábla 4.1. d'Iarscríbhinn III, agus cuirfidh siad i bhfeidhm, maidir le gach fo-aicme, na bandaí meánmhéid bharúlaigh laethúil ('ADNA') a leagtar amach sa Tábla sin.

2. Déanfaidh oibreoirí margaidh a bhfuil margadh rialáilte á oibriú acu, gach 2 bhliain, na ríomhanna is gá chun an meánmhéid barúlach laethúil d'fho-aicme ar leith de dhíorthaigh chothromais arna dtrádáil ar an malartán a chinneadh, ar bhonn an mheánmhéid bharúlaigh laethúil arna thaifeadadh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig den 2 bhliain roimhe sin.

3. Déanfaidh margaidh a bhfuil margadh rialáilte á oibriú acu torthaí na ríomhanna arna ndéanamh i gcomhréir le mír 2 a fhoilsiú mí amháin ar a dhéanaí roimh chur i bhfeidhm na dtairseach dá dtagraítear i mír 1.';

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 14, 15 agus 16:

'*Airteagal 14*

Idirbhearta arna ndéanamh ag comhaltaí CEBC nach comhaltaí den Eurochóras iad agus a bhfuil feidhm ag an díolúine in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir leo

(Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

I gcás ina gcomhlíonann idirbheart aon cheann de na ceanglais seo a leanas, measfar go ndearna comhalta den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) nach comhalta den Eurochóras é le linn dó beartas airgeadaíochta, beartas malairte eachtraí agus beartas cobhsaíochta airgeadais a chomhlíonadh:

(a) déantar an t-idirbheart chun críocha an bheartais airgeadaíochta, lena n-áirítear oibríocht a dhéantar faoi fhorálacha náisiúnta atá coibhéiseach le hAirteagail 18 agus 20 de Reacht CEBC agus BCE atá i gceangal leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (*);

(b) is oibríocht um malairt eachtrach é an t-idirbheart, lena n-áirítear oibríochtaí a dhéantar chun cúlchistí eachtracha oifigiúla Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra aige a shealbhú nó a bhainistiú, agus seirbhísí bainistithe cúlchistí arna soláthar ag comhalta de CEBC nach comhalta den Eurochóras é chuig bainc cheannais tríú tíortha, i gcás inar leathnaíodh an díolúine a leagtar amach in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun na bainc cheannais sin a chumhdach i gcomhréir le hAirteagal 1(9) den Rialachán sin;

(c) déantar an t-idirbheart chun críocha an bheartais cobhsaíochta airgeadais.

_____

(*) Prótacal (Uimh. 4) maidir le Reacht CEBC agus BCE (IO C 202, 7.6.2016, lch. 230).

Airteagal 15

Idirbhearta arna ndéanamh ag comhaltaí CEBC nach comhaltaí den Eurochóras iad agus nach bhfuil feidhm ag an díolúine in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir leo

(Airteagal 1(7) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir leis na cineálacha idirbheart seo a leanas a dhéanann comhalta de CEBC nach comhalta den Eurochóras é chun oibríocht infheistíochta a fheidhmiú nach bhfuil baint aici lena mhéad a chomhlíonann an comhalta sin ceann amháin de na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán seo:

(a) idirbhearta a dhéantar chun a chistí dílse a bhainistiú;

(b) idirbhearta a dhéantar chun críoch riaracháin nó le haghaidh fhoireann an chomhalta de CEBC, lena n-áirítear idirbhearta a dhéantar i gcáil riarthóra ar scéim pinsin dá fhoireann;

(c) idirbhearta a dhéantar dá phunann infheistíochta de bhun oibleagáidí faoin dlí náisiúnta.

Airteagal 16

Oibleagáidí trédhearcachta a chur ar fionraí go sealadach

(Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

1. I gcás ionstraimí airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith, mar a chinntear ar bhonn na modheolaíochta a leagtar amach in Airteagal 6a den Rialachán seo maidir le bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, agus in Airteagal 6 den Rialachán seo maidir le díorthaigh, féadfaidh na húdaráis inniúla na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 8, 8a agus 10 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a chur ar fionraí go sealadach i gcás, i ndáil le haicme bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltas astaíochtaí nó díorthach, gur lú an méid iomlán dá dtagraítear i dTábla 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, arna ríomh don 30 lá féilire roimhe sin, ná 40 % den mheánmhéid míosúil arna ríomh don 12 mhí féilire iomlána roimh na 30 lá féilire sin.

2. I gcás ionstraimí airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith, mar a chinntear ar bhonn na modheolaíochta a leagtar amach in Airteagal 6a den Rialachán seo maidir le bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, agus in Airteagal 6 den Rialachán seo maidir le díorthaigh, féadfaidh na húdaráis inniúla na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagail 8, 8a agus 10 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a chur ar fionraí go sealadach i gcás, maidir le haicme bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltas astaíochtaí nó díorthach, gur lú an méid iomlán dá dtagraítear i dTábla 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, arna ríomh don 30 lá féilire roimhe sin, ná 20 % den mheánmhéid míosúil arna ríomh don 12 mhí féilire iomlána roimh na 30 lá féilire sin.

3. Cuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh na hidirbhearta a fhorghníomhaítear ar gach ionad san Aontas le haghaidh aicme na mbannaí, na dtáirgí airgeadais struchtúrtha, na lamháltas astaíochtaí nó na ndíorthach lena mbaineann agus na ríomhanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 á ndéanamh acu.

Déanfaidh na húdaráis inniúla na ríomhanna sin ar leibhéal na haicme ionstraimí airgeadais a gcuirtear an cinneadh leachtachta a leagtar amach in Airteagal 6a maidir le bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha agus lamháltais astaíochtaí, agus in Airteagal 6 maidir le díorthaigh, i bhfeidhm ina leith.

4. Sula gcuirfidh údaráis inniúla oibleagáidí trédhearcachta ar fionraí, fíoróidh siad nach bhfuil an laghdú mór ar leachtacht i ngach ionad mar thoradh ar éifeachtaí séasúracha na haicme ábhartha ionstraimí airgeadais ar leachtacht.';

(9) Leasaítear Iarscríbhinní II agus III i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(10) Scriostar Iarscríbhinní IV agus V.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) nach mbaineann comhpháirteanna an ordaithe pacáiste go heisiach le ceann de na haicmí sócmhainní de dhíorthaigh chothromais, de dhíorthaigh tráchtearraí, de dhíorthaigh ráta úis agus de dhíorthaigh chreidmheasa a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún (*);

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 229).';

(b) i bpointe (b), cuirtear an pointe (iiia) seo a leanas isteach:

'(iiia) tá comhpháirteanna uile an ordaithe pacáiste faoi réir na gceanglas trédhearcachta réamhthrádála a leagtar amach in Airteagal 8a de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014;';

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) leasaítear an chéad mhír mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:
'Is iad seo a leanas na critéir a bhaineann go sonrach le haicme sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (b)(iv), maidir le horduithe pacáiste nach bhfuil iontu ach díorthaigh rátaí úis:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) baineann comhpháirteanna uile an ordaithe pacáiste leis an bhfo-aicme chéanna sócmhainní de dhíorthaigh ráta úis, arb éard a bheidh iontu aon cheann díobh seo a leanas:

(i) todhchaíochtaí ráta úis;

(ii) céadroghanna ar ráta úis;

(iii) todhchaíochtaí bannaí;

(iv) roghanna bannaí;

(v) roghtálacha;

(vi) babhtálacha in airgeadra aonair seasta-go-comhlúthach;

(vii) babhtálacha in airgeadra aonair comhlúthach-go-comhlúthach;

(viii) airgeadra aonair Babhtála Innéacs thar Oíche;

(ix) babhtálacha in airgeadra aonair seasta-go-seasta.

(x) babhtálacha in airgeadra aonair bunaithe ar bhoilsciú;

(xi) babhtálacha il-airgeadra seasta-go-comhlúthach;

(xii) babhtálacha il-airgeadra comhlúthach-go-comhlúthach;

(xiii) il-airgeadra Babhtála Innéacs thar Oíche;

(xiv) babhtálacha il-airgeadra seasta-go-seasta;

(xv) babhtálacha il-airgeadra bunaithe ar bhoilsciú;';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) i gcás ina bhfuil babhtálacha ráta úis san ordú pacáiste, tá ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 8a(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ag comhpháirteanna an ordaithe pacáiste sin;';

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad an dara mír:

'Chun críocha phointe (d), measfar go bhfuil ceann de na haibíochtaí a leagtar amach in Airteagal 8a(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ag comhpháirt d'ordú pacáiste i gcás ina bhfuil an tréimhse idir dáta éifeachtach an chonartha agus dáta éaga an chonartha cothrom le ceann de na tréimhsí ama a liostaítear san Airteagal sin.';

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'Is iad seo a leanas na critéir a bhaineann go sonrach le haicme sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (b)(iv), maidir le horduithe pacáiste nach bhfuil iontu ach díorthaigh chothromais:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) baineann comhpháirteanna uile an ordaithe pacáiste leis an bhfo-aicme chéanna sócmhainní de dhíorthaigh chothromais, arb éard a bheidh iontu aon cheann díobh seo a leanas:

(i) scair-roghanna

(ii) todhchaíochtaí stoic;

(iii) roghanna stoc-innéacs;

(iv) todhchaíochtaí innéacsanna stoic;

(v) todhchaíochtaí innéacs díbhinní;

(vi) roghanna innéacs díbhinní;

(vii) todhchaíochtaí díbhinní stoic;

(viii) roghanna díbhinní stoic;

(ix) roghanna innéacs luaineachta;

(x) todhchaíochtaí innéacs luaineachta;

(xi) roghanna ETF;

(xii) todhchaíochtaí ETF;

(xiii) babhtálacha;

(xiv) babhtálacha punainne;';

(4) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) is babhtálacha mainneachtana creidmheasa innéacs iad comhpháirteanna uile an ordaithe pacáiste, is é sin le rá, babhtálacha ina bhfuil na sreafaí airgid nasctha le hacmhainneacht creidmheasa roinnt eisitheoirí ionstraimí airgeadais ar innéacs iad, agus le teagmhais chreidmheasa a tharlaíonn;';

(5) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) is éard atá i gcomhpháirteanna uile an ordaithe pacáiste todhchaíochtaí díorthach tráchtearraí ag a bhfuil tráchtearra foluiteach talmhaíochta, fuinnimh nó miotail;'.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Maidir le croí-shonraí margaidh le haghaidh banna ar leith, cé is moite de thráchtearraí arna dtrádáil ar an malartán agus nótaí arna dtrádáil ar an malartán, tarchuirfidh rannchuiditheoirí sonraí chuig lárionad sonraí an CTP, faoi threoir gach idirbhirt, na mionsonraí a leagtar amach i dTábla 6 d'Iarscríbhinn II a bhfuil 'ionchur' nó 'an dá cheann' luaite leo sa cholún deireanach de Thábla 6.';

(2) cuirtear Airteagal 6a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 6a*

Sonraí atá le tarchur chuig an CTP le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar

(Airteagal 22b(1) agus Airteagal 22b(3), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

1. Maidir le croí-shonraí margaidh le haghaidh díorthach OTC ar leith, tarchuirfidh rannchuiditheoirí sonraí chuig lárionad sonraí an CTP, faoi threoir gach idirbhirt, na mionsonraí a leagtar amach i dTábla 10 d'Iarscríbhinn II a bhfuil 'ionchur' nó 'an dá cheann' luaite leo sa cholún deireanach de Thábla 10.

2. Maidir le sonraí rialála, tarchuirfidh rannchuiditheoirí sonraí chuig lárionad sonraí an CTP, faoi threoir gach ionstraime airgeadais, na mionsonraí a leagtar amach i dTábla 8 d'Iarscríbhinn II a bhfuil 'an dá cheann' luaite leo sa cholún deireanach de Thábla 8.

3. Maidir le sonraí rialála, tarchuirfidh rannchuiditheoirí sonraí chuig lárionad sonraí an CTP, faoi threoir gach córais trádála, na mionsonraí a leagtar amach i dTábla 9 d'Iarscríbhinn II a bhfuil 'an dá cheann' luaite leo sa cholún deireanach de Thábla 9.';

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Maidir le croí-shonraí margaidh le haghaidh banna ar leith, cé is moite de thráchtearraí arna dtrádáil ar an malartán agus nótaí arna dtrádáil ar an malartán, scaipfidh CTP, faoi threoir gach idirbhirt, na mionsonraí a leagtar amach i dTábla 6 d'Iarscríbhinn II a bhfuil 'aschur' nó 'an dá cheann' luaite leo sa cholún deireanach de Thábla 6.';

(4) cuirtear Airteagal 8a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 8a*

Sonraí atá le scaipeadh ag an CTP le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar

(Airteagal 22b(1) agus Airteagal 22b(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

1. Maidir le croí-shonraí margaidh le haghaidh díorthach OTC ar leith, scaipfidh an CTP, faoi threoir gach idirbhirt, na mionsonraí a leagtar amach i dTábla 10 d'Iarscríbhinn II a bhfuil 'aschur' nó 'an dá cheann' luaite leo sa cholún deireanach de Thábla 10.

2. Maidir le sonraí rialála a bhaineann le díorthaigh thar an gcuntar, scaipfidh an CTP an méid seo a leanas:

(a) faoi threoir gach ionstraime airgeadais, na mionsonraí a leagtar amach i dTábla 8 d'Iarscríbhinn II a bhfuil 'aschur' nó 'an dá cheann' luaite leo sa cholún deireanach de Thábla 8;

(b) faoi threoir gach córais trádála, na mionsonraí a leagtar amach i dTábla 9 d'Iarscríbhinn II a bhfuil 'aschur' nó 'an dá cheann' luaite leo sa cholún deireanach de Thábla 9.';

(5) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(6) leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Ceartúcháin ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587

I Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/ 587, ceartaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(1) scriostar mír 4;

(2) cuirtear mír 6 seo a leanas isteach:

'6. Déanfaidh gnólachtaí infheistíochta na beart réasúnacha uile chun a áirithiú go gcuirfear an t-idirbheart ar fáil don phobal mar idirbheart aonair. Chun na críche sin, measfar gur idirbheart aonair iad dhá thrádáil mheaitseála arna ndéanamh an tráth céanna agus ar an bpraghas céanna le páirtí aonair arna n-idirchur.'.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagail 1, 2 agus 3(1) go (5) ón 1 Márta 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tháblaí 2 agus 3:

'Tábla 2

Liosta mionsonraí chun críche trédhearcachta iarthrádála

Beidh na hainmneacha réimse (ceanntásca colúin) mar a fhoilsítear iad comhionann leis an aitheantóir réimse a sholáthraítear i dTábla 2

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid atá le líonadh mar a shonraítear i dTábla 1
1	Dáta agus am trádála	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Dáta agus am a forghníomhaíodh an t-idirbheart. Maidir le hidirbhearta a fhorghníomhaítear ar ionad trádála, beidh an leibhéal gráinneachta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 ón gCoimisiún ([1]). I gcás idirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, an dáta agus an t-am a chomhaontaigh na páirtithe inneachar na réimsí seo a leanas: cainníocht, praghas, airgeadraí mar a shonraítear i réimsí 31, 34 agus 44 de Thábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún ([2]), cód aitheantais na hionstraime, aicmiú na hionstraime agus cód na hionstraime foluitú, i gcás inarb infheidhme. Maidir le hidirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, beidh an t-am a thuairiscítear chomh gráinneach leis an soicind is gaire ar a laghad. I gcás ina n-eascraíonn an t-idirbheart as ordú a tharchuir an gnólacht forghníomhaitheach thar ceann cliaint chuig tríú páirtí agus i gcás nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le tarchur a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, dáta agus am an idirbhirt seachas am tarchurtha an ordaithe.	Margadh Rialáilte (RM) Saoráid Trádála Iltaobhach (MTF) Saoráid Trádála Eagraithe (OTF) Socrú Formheasta maidir le Foilsiú (APA)	{DATE_TIME_ FORMAT}

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid atá le líonadh mar a shonraítear i dTábla 1
2	Cód aitheantais na hionstraime	Maidir le gach ionstraim airgeadais	An cód a úsáidtear chun an ionstraim airgeadais a shainaithint. Maidir le díorthaigh thar an gcuntar dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, sainaithneofar an ionstraim i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1003 ón gCoimisiún ([3]).	RM, MTF, OTF, APA	{ISIN} cé is moite de dhíorthaigh thar an gcuntar dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014
2a	Dáta éifeachtach	Le haghaidh díorthaigh ráta úis thar an gcuntar	An dáta a thiocfaidh na hoibleagáidí faoin gconradh díorthach ráta úis i bhfeidhm.	MTFanna, OTFanna, APAnna	{FORMÁIDDÁTA}
2b	Dáta éaga	Le haghaidh díorthaigh ráta úis thar an gcuntar	Dáta éaga an chonartha díorthach ráta úis.	MTFanna, OTFanna, APAnna	{FORMÁIDDÁTA}
3	Praghas	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Praghas trádáilte an idirbhirt cé is moite de choimisiún agus d'ús fabhraithe, i gcás inarb infheidhme. Tuairisceofar an praghas trádáilte i gcomhréir le coinbhinsiún caighdeánach an mhargaidh. An luach a sholáthraítear sa réimse seo, beidh sé comhsheasmhach leis an luach a sholáthraítear sa réimse 'Anótáil praghais'. I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh ('PNDG') nó nach infheidhme é ('NOAP'), ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	RM, MTF, OTF, APA	{DECIMAL-18/13} i gcás ina sloinntear an praghas mar luach airgeadúil. {DECIMAL-11/10} i gcás ina léirítear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh {DECIMAL-18/17} i gcás ina sloinntear an praghas mar bhonnphointí
4	Praghas in easnamh	Maidir le gach ionstraim airgeadais	I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh, is é 'PNDG' an luach a bheidh ann. I gcás nach bhfuil an praghas infheidhme, is é 'NOAP' an luach a bheidh ann.	RM, MTF, OTF, APA	'PNDG' i gcás nach bhfuil an praghas ar fáil 'NOAP' i gcás nach infheidhme an praghas
5	Airgeadra an phraghais	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Mórairgeadra ina sloinntear an praghas (rud is infheidhme má shloinntear an praghas mar luach airgeadúil).	RM, MTF, OTF, APA	{CÓD AIRGEADRA_3}

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid atá le líonadh mar a shonraítear i dTábla 1
6	Nodaireacht phraghais	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Leid maidir le cé acu a léirítear an praghas mar luach airgeadúil, mar chéatadán, i mbonnphointí nó mar thoradh. Tuairisceofar an nodaireacht phraghais i gcomhréir le coinbhinsiún caighdeánach an mhargaidh. I gcás babhtálacha mainneachtana creidmheasa, 'BAPO' a chuirfear sa réimse seo. I gcás bannaí (seachas ETNanna agus ETCanna), céatadán (PERC) den mhéid barúlach a chuirfear sa réimse seo. I gcás nach é praghas i gcéatadán an coinbhinsiún caighdeánach sa mhargadh, YIEL, BAPO nó MONE a chuirfear sa réimse, i gcomhréir le coinbhinsiún caighdeánach an mhargaidh. An luach a sholáthraítear sa réimse seo, beidh sé comhsheasmhach leis an luach a sholáthraítear sa réimse 'Praghas'. I gcás ina dtuairiscítear an praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad mórairgeadra. I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh ('PNDG') nó nach infheidhme é ('NOAP'), ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	RM, MTF, OTF, APA	'MONE' — Luach airgeadúil 'PERC' — Céatadán 'YIEL' — Toradh 'BAPO' — Bonnphointí
7	Cainníocht	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Maidir le hionstraimí airgeadais a thrádáiltear in aonaid, líon aonad na hionstraime airgeadais. Folamh i ngach cás eile.	RM, MTF, OTF, APA	{DECIMAL- 18/17}
8	Cainníocht in aonad tomhais	Maidir le conarthaí a ainmnítear i ndíorthaigh tráchtearraí, díorthaigh C10, díorthaigh lamháltas astaíochtaí agus lamháltais astaíochtaí.	Méid coibhéiseach an lamháltais tráchtearraí nó astaíochtaí a thrádáiltear arna shloinneadh in aonad tomhais.	RM, MTF, OTF, APA	{DECIMAL- 18/17}

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid atá le líonadh mar a shonraítear i dTábla 1
9	Nodaireacht na cainníochta in aonad tomhais	Maidir le conarthaí a ainmnítear i ndíorthaigh tráchtearraí, díorthaigh C10, díorthaigh lamháltas astaíochtaí agus lamháltais astaíochtaí.	Leid maidir leis an nodaireacht ina sloinntear an chainníocht in aonad tomhais.	RM, MTF, OTF, APA	'TOCD' — tonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin, maidir le haon chonradh a bhaineann le lamháltais astaíochtaí 'TONE' — tonaí méadracha 'MWHO' — meigeavatuaireanta 'MBTU' — milliún teas-aonad Briotanach 'THMS' Teirmeacha 'LAETHANTA'— laethanta nó {ALPHANUM-4} a mhalairt
10	Méid barúlach	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Cuirfear sa réimse seo: (i) maidir le bannaí (cé is moite de ETCanna agus ETNanna), an t-aghaidhluach, arb é atá ann an méid a aisíoctar leis an infheisteoir ar a bhfuascailt; (ii) maidir le ETCanna agus ETNanna agus díorthaigh urrúsaithe, an líon ionstraimí a mhalartaítear idir ceannaitheoirí agus díoltóirí arna iolrú faoi phraghas na hionstraime a mhalartaítear le haghaidh an idirbhirt shonraigh sin. Go coibhéiseach, an réimse praghais arna iolrú faoin réimse cainníochta; (iii) maidir le táirgí airgeadais struchtúrtha (SFPanna), an luach ainmniúil in aghaidh an aonaid arna iolrú faoin líon ionstraimí tráth an idirbhirt; (iv) maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa, an méid barúlach ar a bhfaightear an chosaint nó ar a ndéantar í a dhiúscairt; (v) maidir le roghanna, roghtálacha, babhtálacha seachas iad sin dá dtagraítear in (iv), todhchaíochtaí agus conarthaí réamhcheaptha, méid barúlach an chonartha; (vi) maidir le lamháltais astaíochtaí, méid na suime a thagann as an gcainníocht ag an bpraghas ábhartha a shocraítear sa chonradh tráth an idirbhirt. Go coibhéiseach, an réimse praghais arna iolrú faoin gcainníocht san aonad tomhais;	RM, MTF, OTF, APA	{DECIMAL-18/5}

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid atá le líonadh mar a shonraítear i dTábla 1
			(vii) maidir le raonghealltа, luach airgeadúil an ghill a chuirtear in aghaidh na gluaiseachta pointe san ionstraim fholuiteach airgeadais tráth an idirbhirt; (viii) maidir le conarthaí difríochta, an líon ionstraimí a mhalartaítear idir ceannaitheoirí agus díoltóirí arna iolrú faoi phraghas na hionstraime a mhalartaítear le haghaidh an idirbhirt shonraigh sin. Go coibhéiseach, an réimse praghais arna iolrú faoin réimse cainníochta.		
11	Airgeadra barúlach	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Mórairgeadra ina n-ainmnítear an méid barúlach. I gcás conradh díorthach airgeadraí eachtracha nó babhtáil trasairgeadra nó roghtáil inar babhtáil trasairgeadra nó conradh difríochta airgeadra nó conradh raonghill í an bhabhtáil fholuiteach, is é airgeadra barúlach chéim 1 a bheidh ann.	RM, MTF, OTF, APA	{CÓD AIRGEADRA_3}
12	[scriosta]				
13	Ionad an fhorghníomhaithe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Sainaithint an ionaid mar ar cuireadh an t-idirbheart i gcrích. Úsáid an MIC deighleoige le haghaidh idirbhearta a fhorghníomhaítear ar ionad trádála san Aontas. I gcás nach ann don MIC deighleoige, úsáid an MIC oibriúcháin. Úsáid 'SINT' le haghaidh ionstraimí airgeadais a ghlactar isteach sa trádáil nó a thrádáiltear ar ionad trádála, i gcás ina bhforghníomhaítear an t-idirbheart maidir leis an ionstraim airgeadais sin ar Inmheánaitheoir Córasach. Úsáid cód MIC 'XOFF' le haghaidh ionstraimí airgeadais a ghlactar isteach sa trádáil nó a thrádáiltear ar ionad trádála, i gcás nach bhforghníomhaítear an t-idirbheart maidir leis an ionstraim airgeadais sin ar ionad trádála san Aontas ná le hInmheánaitheoir Córasach. Más rud é go bhforghníomhaítear an t-idirbheart ar ardán trádála eagraithe lasmuigh den Aontas, sa bhreis ar 'XOFF', comhlánófar an réimse 'Ionad trádála tríú tír an fhorghníomhaithe'.	RM, MTF, OTF, APA	{MIC} – ionaid trádála san Aontas nó 'SINT' — inmheánaitheoir córasach 'XOFF' — gach cás eile

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid atá le líonadh mar a shonraítear i dTábla 1
14	Ionad trádála tríú tír an fhorghníomhaithe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Sainaithint an ionaid trádála tríú tír inar forghníomhaíodh an t-idirbheart. Úsáid an MIC deighleoige. I gcás nach ann don MIC deighleoige, úsáid an MIC oibriúcháin. I gcás nach bhforghníomhaítear an t-idirbheart ar ionad trádála tríú tír, ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	Socrú formheasta maidir le foilsiú (APA)	{MIC}
15	Dáta agus am foilsithe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Dáta agus am a d'fhoilsigh ionad trádála nó APA an t-idirbheart. Maidir le hidirbhearta a fhorghníomhaítear ar ionad trádála, beidh an leibhéal gráinneachta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155. Maidir le hidirbhearta nár forghníomhaíodh ar ionad trádála, beidh an t-am a thuairiscítear chomh gráinneach leis an soicind is gaire ar a laghad.	RM, MTF, OTF, APA	{DATE_TIME_ FORMAT}
16	Ionad foilsithe	Maidir le gach ionstraim airgeadais	An cód a úsáidtear chun an t-ionad trádála agus an APA a d'fhoilsigh an t-idirbheart a shainaithint.	RM, MTF, OTF, APA	{MIC}
17	Cód Aitheantais Idirbhirt	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Cód alfa-uimhriúil arna shannadh ag ionaid trádála (de bhun Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/580 ón gCoimisiún ([4])) agus APAnna agus a úsáidtear in aon tagairt ina dhiaidh sin don trádáil shonrach.	RM, MTF, OTF, APA	{ALFA-UIMHRIÚIL-52}
18	[scriosta]				
19	Bratacha	Maidir le gach ionstraim airgeadais	Comhlánófar réimse amháin nó níos mó leis na bratacha is infheidhme mar a thugtar tuairisc orthu i dTábla 3 d'Iarscríbhinn II. I gcás nach mbeidh feidhm ag aon cheann de na himthosca sonraithe, foilseofar an t-idirbheart gan bhratach. I gcás inar féidir níos mó ná bratach amháin a bheith ann agus a thuairisciú in aon réimse amháin, déanfar na bratacha a thuairisciú agus camóga eatarthu.	RM, MTF, OTF, APA	Mar a shonraítear i dTábla 3 d'Iarscríbhinn II

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid atá le líonadh mar a shonraítear i dTábla 1
20	Córas Trádála	Maidir le gach ionstraim airgeadais	An cineál córais trádála ar a ndearnadh an t-idirbheart. I gcás ina gcuirtear 'SINT' nó 'XOFF' sa réimse 'Raon an fhorghníomhaithe', ní chuirfear aon rud sa réimse seo.	RM, MTF, OTF	'CLOB' - córas trádála leabhair orduithe teorann lárnaí. 'QDTS' - córais trádála atá bunaithe ar luachana, is é sin córas ina ndéantar idirbhearta a thabhairt chun críche ar bhonn luachana daingne a chuirtear ar fáil do rannpháirtithe go leanúnach, ina gceanglaítear ar chruthaitheoirí margaidh luachana a choinneáil ar bun ar mhéid lena ndéantar riachtanais na gcomhaltaí agus na rannpháirtithe maidir le déileáil i méid tráchtála a chomhardú leis an riosca dá mbíonn an cruthaitheoir margaidh á nochtadh féin. 'PATS' - córais trádála atá bunaithe ar cheant tréimhsiúil. 'RFQT' - córais trádála chun luachan a iarraidh, is é sin córas trádála ina soláthraítear luachan nó luachana mar fhreagairt ar iarraidh ar luachan arna cur isteach ag comhalta amháin eile nó níos mó nó ag rannpháirtí amháin eile nó níos mó. Tá an luachan infhorghníomhaithe go heisiach ag an gcomhalta iarrthach nó ag an rannpháirtí iarrthach sa mhargadh. Féadfaidh an comhalta nó an rannpháirtí iarrthach idirbheart a thabhairt i gcrích ach glacadh leis an luachan nó leis na luachana a sholáthraítear dó ar a iarraidh sin. 'VOIC' — córas trádála ó bhéal, a chiallaíonn córas trádála ina socraítear idirbhearta idir comhaltaí trí chaibidlíocht ó bhéal. 'HYBR' — córas trádála hibrideach a chiallaíonn córas a thagann faoi dhá cheann nó níos mó de na cineálacha córas trádála dá dtagraítear thuas. 'OTHR' – Aon chóras trádála eile, a chiallaíonn aon chineál eile córais trádála nach gcumhdaítear thuas.

#	Aitheantóir an réimse	Ionstraimí airgeadais	Tuairisc agus mionsonraí atá le foilsiú	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Formáid atá le líonadh mar a shonraítear i dTábla 1
21	An líon idirbheart	I gcás ionstraimí fiachais cheannasaigh	Líonfar an réimse seo leis an líon idirbheart a fhorghníomhaítear nuair a cheanglaítear foilsiú iarchurtha mionsonraí roinnt idirbheart i bhfoirm chomhiomlánaithe faoi Airteagal 11(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.	RM, MTF, OTF, APA	{DECIMAL-18/17}

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1155 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear sonraí ionchuir agus aschuir teilitéipeanna comhdhlúite, sioncrónú clog gnó agus athdháileadh ioncaim ag an soláthraí teilitéipe comhdhlúite le haghaidh scaireanna agus ETFanna, agus lena n aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/574 ón gCoimisiún (IO L, 2025/1155, 3.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1155/oj).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála chun idirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla (IO L 87, 31.3.2017, lgh. 449–478, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/590/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1003 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraí tagartha sainaitheanta i dtaca le díorthaigh thar an gcuntar atá le húsáid chun críocha na gceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 8a(2) agus in Airteagail 10 agus 21 (IO L, 2025/1003, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1003/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/580 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le coinneáil ar bun sonraí ábhartha a bhaineann le horduithe in ionstraimí airgeadais (IO L 87, 31.3.2017, lgh. 193-211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/580/oj).

Tábla 3

Liosta bratach chun críche trédhearcachta iarthrádála

BRATACHA IARCHURTHA IARTHRÁDÁLA LE hAGHAIDH BANNAÍ (SEACHAS ETCanna AGUS ETNanna) AGUS DÍORTHAIGH ÁIRITHE			
Bratach	Ainm	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Tuairisc
MLF1	Bratach Leachtach Mheánach	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta meánmhéide in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (a), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta meánmhéide in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.

BRATACHA IARCHURTHA IARTHRÁDÁLA LE hAGHAIDH BANNAÍ (SEACHAS ETCanna AGUS ETNanna) AGUS DÍORTHAIGH ÁIRITHE			
Bratach	Ainm	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Tuairisc
MIF2	Bratach Neamhleachtach Mheánach	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta meánmhéide in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (b), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta meánmhéide in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.
LLF3	Bratach Leachtach Mhór	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (c), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh chreidmheasa a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh ráta úis a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide/de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.
LIF4	Bratach Neamhleachtach Mhór	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (d), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh chreidmheasa a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh ráta úis a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta mórmhéide/de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo
VLF5	Bratach Leachtach An-Mhór	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (e), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh chreidmheasa a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais a bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.
VIF5	Bratach Neamhleachtach An-Mhór	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta i mbannaí a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (e), den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh chreidmheasa a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta de mhéid an-mhór in ionstraim airgeadais nach bhfuil margadh leachtach ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.

BRATACHA IARCHURTHA IARTHRÁDÁLA LE hAGHAIDH ETCanna, ETNanna, SFPanna, LAMHÁLTAIS ASTAÍOCHTAÍ AGUS DÍORTHAIGH ÁIRITHE			
Bratach	Ainm	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Tuairisc
DEFF	Iarchur le haghaidh ETCanna, ETNanna, SFPanna, lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh áirithe	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta in ETCanna, ETNanna, SFPanna agus lamháltais astaíochtaí, a thairbhíonn d'iarchur mar a shonraítear faoi Airteagal 8a(2) agus (3) den Rialachán seo. Idirbhearta i ndíorthaigh a thairbhíonn d'iarchur is infheidhme maidir le hidirbhearta nach bhfuil ach méid iarchurtha amháin ar fáil ina leith.

BRATACHA IARCHURTHA FORLÍONTACHA LE hAGHAIDH BANNAÍ CEANNASACHA				
Airteagal 11(3), pointe (a)	'OMIS'	Bratach maidir le méid a fhágáil ar lár	RM, MTF, OTF, APA	Idirbheart a bhfoilsítear sonraí teoranta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 11(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
	'FULO'	Bratach sonraí iomlána	RM, MTF, OTF, APA	Idirbheart ar foilsíodh mionsonraí teoranta ina leith roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 11(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
Airteagal 11(3), pointe (b)	'AGFW'	Bratach chomhiomlánaithe ceithre seachtaine	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta comhiomlánaithe a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 11(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
	'FULG'	Bratach sonraí iomlána	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta aonair a thairbhigh d'fhoilsiú comhiomlánaithe roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 11(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

BRATACHA EILE			
Bratach	Ainm	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Tuairisc
'BENC'	Bratach idirbhirt tagarmhairc	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta a fhorghníomhaítear faoi threoir praghas a ríomhtar thar roinnt áisc ama de réir tagarmharc ar leith, amhail meánphraghas ualaithe de réir méid nó meánphraghas ualaithe de réir ama.
'NPFT'	Bratach idirbhirt nach mbaineann le foirmiú praghsanna	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta nach mbaineann le foirmiú praghsanna mar a leagtar amach in Airteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590.
'TPAC'	Bratach idirbhirt pacáiste	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta pacáiste, nach malartú le haghaidh sócmhainní fisiceacha iad, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (50)(b), de Rialachán (AE) 600/2014.

BRATACHA EILE			
Bratach	Ainm	Cineál forghníomhaithe nó ionaid foilsithe	Tuairisc
'XFPH'	Bratach idirbhirt malartaithe le haghaidh sócmhainní fisiceacha	RM, MTF, OTF, APA	Malartú le haghaidh sócmhainní fisiceacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (48), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
'CANC'	Bratach chealúcháin	RM, MTF, OTF, APA	I gcás ina ndéantar idirbheart a foilsíodh roimhe seo a chealú.
'AMND'	Bratach leasúcháin	RM, MTF, OTF, APA	I gcás ina leasaítear idirbheart a foilsíodh roimhe seo.
'PORT'	Bratach trádála punainne	RM, MTF, OTF, APA	Idirbheart i gcúig ionstraim airgeadais éagsúla nó níos mó i gcás ina mbíonn na hidirbhearta sin á dtrádáil an tráth céanna ag an gcliant céanna agus in aghaidh praghas birt aonair agus nach 'idirbheart pacáiste' é mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (50), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
'MTCH'	Bratach trádála bunairgid mheaitseáilte	SEO	Trádáil bhunairgid mheaitseáilte mar a leagtar amach in Airteagal 4 ([1]), pointe (38), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
'NEGO'	Bratach idirbhirt réamhshocraithe	RM, MTF, OTF, APA	Idirbhearta a dhéantar a chaibidliú go príobháideach ach a thuairiscítear faoi rialacha ionaid trádála.

([1]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349-496, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).'.

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 1:

'1. **Treoracha chun críoch na hIarscríbhinne seo**

1. Tagraíonn an tagairt do mhéid eisiúna bannaí gan íoc i dTábla 2.2 do luach iomlán na mbannaí a eisíodh agus atá i seilbh infheisteoirí faoi láthair.

2. Ciallaíonn tagairt do 'aicme sócmhainní' tagairt do na cineálacha ionstraimí airgeadais seo a leanas: bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, díorthaigh urrúsaithe, díorthaigh ráta úis, díorthaigh chothromais, díorthaigh tráchtearraí, díorthaigh malairte eachtraí, díorthaigh chreidmheasa, díorthaigh C10, CFDanna, lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh lamháltas astaíochtaí.

3. Ciallaíonn ‘meánmhéid barúlach laethúil (ADNA)’ an méid barúlach iomlán le haghaidh ionstraim airgeadais ar leith arna chinneadh de réir an tomhais ar mhéid a leagtar amach i dTábla 4 d’Iarscríbhinn II agus a fhorghníomhaítear sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 13(2), arna roinnt ar an líon laethanta trádála sa tréimhse sin nó, i gcás inarb infheidhme, ar an gcuid sin den bhliain ar lena linn a ligeadh an ionstraim airgeadais isteach chun a trádála nó a trádáladh ar ionad trádála agus nár cuireadh ar fionraí ó thrádáil í.

4. Ciallaíonn ‘meánlíon laethúil trádálacha’ an líon iomlán idirbheart a forghníomhaíodh maidir le hionstraim airgeadais ar leith sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 13, arna roinnt ar an líon laethanta trádála sa tréimhse sin nó, i gcás inarb infheidhme, ar an gcuid sin den bhliain ar lena linn a ligeadh an ionstraim airgeadais isteach chun a trádála nó a trádáladh ar ionad trádála í agus nár cuireadh ar fionraí ó thrádáil í.

5. Ciallaíonn ‘todhchaíocht’ conradh chun tráchtearra nó ionstraim airgeadais a cheannach nó a dhíol ar dháta ainmnithe amach anseo ar phraghas arna chomhaontú tráth thionscnamh an chonartha ag an gceannaitheoir agus ag an díoltóir. Tá téarmaí caighdeánacha ag gach conradh todhchaíochtaí lena leagtar síos an íoschainníocht agus an íoscháilíocht is féidir a cheannach nó a dhíol, an méid is lú faoina bhféadfadh an praghas athrú, nósanna imeachta seachadta, dáta aibíochta agus saintréithe eile a bhaineann leis an gconradh.

6. Ciallaíonn ‘céadrogha’ conradh lena dtugtar an ceart don úinéir, ach nach gcuirtear oibleagáid air leis, ionstraim airgeadais shonrach nó tráchtearra sonrach a cheannach (a ghlaoch) nó a dhíol (a chur) ar phraghas réamhchinntithe, ar phraghas ceangail nó ar phraghas feidhmithe, ar dháta áirithe amach anseo nó ar dháta feidhmithe áirithe nó suas go dtí an dáta sin.

7. Ciallaíonn ‘babhtáil’ conradh ina gcomhaontaíonn dhá pháirtí sreafaí airgid a mhalartú in ionstraim airgeadais amháin ar dháta áirithe amach anseo.

8. Ciallaíonn ‘Babhtáil Punainne’ conradh trínar féidir le húsáideoirí deiridh roinnt babhtálacha a thrádáil.

9. Ciallaíonn ‘conradh réamhcheaptha’ nó ‘comhaontú réamhcheaptha’ comhaontú príobháideach idir dhá pháirtí chun tráchtearra nó ionstraim airgeadais a cheannach nó a dhíol ar dháta ainmnithe amach anseo ar phraghas arna chomhaontú tráth thionscnamh an chonartha ag an gceannaitheoir agus ag an díoltóir.

10. Ciallaíonn ‘Roghtáil’ nó ‘Rogha ar bhabhtáil’ conradh lena dtugtar an ceart don úinéir, ach nach gcuirtear oibleagáid air leis, dul isteach i mbabhtáil ar dháta áirithe amach anseo nó ar dháta feidhmithe áirithe nó suas go dtí an dáta sin.

11. Ciallaíonn ‘todhchaíocht ar bhabhtáil’ conradh todhchaíochtaí lena gcuirtear oibleagáid ar an úinéir dul isteach i mbabhtáil ar dháta áirithe amach anseo nó suas go dtí an dáta sin.

12. Ciallaíonn ‘conradh réamhcheaptha ar bhabhtáil’ conradh réamhcheaptha lena gcuirtear oibleagáid ar an úinéir dul isteach i mbabhtáil ar dháta áirithe amach anseo nó suas go dtí an dáta sin.’;

(b) i roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2.2:

'Tábla 2.2

Bannaí (gach cineál banna seachas ETCanna agus ETNanna) — aicmí nach bhfuil margadh leachtach acu

Cinnfear nach bhfuil margadh leachtach ag gach banna ar leith de réir Airteagal 6a má tá teaglaim shonrach de shaintréithe bannaí mar a shonraítear i ngach ró de na táblaí thíos mar shaintréith aige.

Bannaí ceannasacha agus bannaí poiblí eile

Aitheantóir Grúpa	Aitheantóir MiFIR	Cineál banna	Eisitheoir nó tír an eisitheora	Aibíocht iarmhair	Cineál cúpóin	Méid eisiúna gan íoc
	RTS2#3	RTS2#9	Tír an eisitheora a thuairiscítear faoin réimse 'Eisitheoir nó oibreoir aitheantóir an ionaid' de Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún 2017/585 ([1]) ('RTS23')	An t-am atá fágtha go dtí an dáta aibíochta a thuairiscítear faoin réimse RTS23 'Dáta aibíochta'	An tríú litir de chód CFI a thuairiscítear faoi réimse RTS23 'Aicmiú ionstraime'	Réimse RTS23 'Méid ainmniúil iomlán arna eisiúint' arna chomhshó go EUR
G1	BANNA	EUSB Ciallaíonn EUSB banna nach banna in-chomhshóite ná banna faoi chumhdach é arna eisiúint ag eisitheoir ceannasach: (a) an tAontas; (b) Ballstát, lena n-áirítear roinn rialtais, gníomhaireacht nó meán sainchuspóireach de chuid Ballstáit; (c) i gcás Ballstát feidearálach, comhalta den chónaidhm; (d) meán sainchuspóireach le haghaidh roinnt Ballstát; (e) institiúid airgeadais idirnáisiúnta arna bunú ag dhá Bhallstát nó níos mó agus a bhfuil de chuspóir aici cistiú a shlógadh agus cúnamh airgeadais a sholáthar chun sochair a comhaltaí a bhfuil fadhbanna móra airgeadais acu nó a bhfuil fadhbanna móra airgeadais ag bagairt orthu; (f) an Banc Eorpach Infheistíochta; (g) eintiteas ceannasach tríú tír.	Is Ballstát, na Stáit Aontaithe nó an Ríocht Aontaithe í an tír is eisitheoir; NÓ Is é an tAontas an t-eisitheoir; NÓ Is é an Banc Eorpach Infheistíochta an t-eisitheoir; NÓ	Suas le 10 mbliana, agus 10 mbliana san áireamh	F (cúpón seasta)	Níos lú ná EUR 5 000 000 000

Aitheantóir Grúpa	Aitheantóir MiFIR	Cineál banna	Eisitheoir nó tír an eisitheora	Aibíocht iarmhair	Cineál cúpóin	Méid eisiúna gan íoc
	RTS2#3	RTS2#9	Tír an eisitheora a thuairiscítear faoin réimse 'Eisitheoir nó oibreoir aitheantóir an ionaid' de Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún 2017/585 ([1]) ('RTS23')	An t-am atá fágtha go dtí an dáta aibíochta a thuairiscítear faoin réimse RTS23 'Dáta aibíochta'	An tríú litir de chód CFI a thuairiscítear faoi réimse RTS23 'Aicmiú ionstraime'	Réimse RTS23 'Méid ainmniúil iomlán arna eisiúint' arna chomhshó go EUR
			Is institiúid airgeadais idirnáisiúnta é an t-eisitheoir arna bunú ag dhá Bhallstát nó níos mó agus a bhfuil de chuspóir aici cistiú a shlógadh agus cúnamh airgeadais a sholáthar chun sochair a comhaltaí a bhfuil fadhbanna móra airgeadais acu nó a bhfuil fadhbanna móra airgeadais ag bagairt orthu.			
G2	BANNA	EUSB nó OEPB Ciallaíonn OEPB banna nach banna in-chomhshóite ná banna faoi chumhdach é arna eisiúint ag eintiteas poiblí nach eisitheoir ceannasach é.	Aon ionstraim nach bhfuil in G1			Níos lú ná EUR 1 000 000 000

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/585 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na gcaighdeán agus na bhformáidí sonraí le haghaidh sonraí tagartha ionstraime airgeadais agus bearta teicniúla i ndáil le socruithe atá le déanamh ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus ag na húdaráis inniúla (IO L 87, 31.3.2017, lch. 368, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/585/oj).

Bannaí corparáideacha, bannaí in-chomhshóite agus bannaí eile

Aitheantóir Grúpa	Aitheantóir MiFIR	Cineál banna	Airgeadra	Rátáil chreidmheasa	Méid eisiúna gan íoc
	RTS2#3	RTS2#9	Airgeadra na hionstraime arna thuairisciú faoin réimse RTS23 'Airgeadra barúlach 1'		Réimse RTS23 'Méid ainmniúil iomlán arna eisiúint' arna chomhshó go EUR
G3	BANNA	CRPB, CVTB nó OTHR Ciallaíonn CRPB banna nach banna in-chomhshóite ná banna faoi chumhdach é agus ar banna é arna eisiúint ag cuideachta Eorpach a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle ([1]) nó ag cineál cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II a ghabhann le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) nó ag cuideachta choibhéiseach i dtríú tíortha. Ciallaíonn CVTB ionstraim arb éard atá inti banna nó ionstraim fiachais urrúsaithe a bhfuil díorthach leabaithe inti, amhail rogha an cothromas bunúsach a cheannach.	EUR, GBP, USD	Grád infheistíocht-ta	Níos lú ná EUR 500 000 000
G4	BANNA	CRPB, CVTB nó OTHR	Aon ionstraim nach bhfuil in G3		Níos lú ná EUR 500 000 000

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 maidir leis an Reacht um Chuideachta Eorpach (SE) (IO L 294, 10.11.2001, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/2157/OJ).

([2]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/OJ).

Bannaí faoi chumhdach

Aitheantóir Grúpa	Aitheantóir MiFIR	Cineál banna	Méid eisiúna gan íoc
	RTS2#3	RTS2#9	Réimse RTS23 'Méid ainmniúil iomlán arna eisiúint' arna chomhshó go EUR
G5	BANNA	CVDB Ciallaíonn CVDB bannaí faoi chumhdach dá dtagraítear in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE	Níos lú ná EUR 500 000 000';

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/1763/oj

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ranna 4 go 11:

‘4. **Díorthaigh arna dtrádáil ar an malartán**

Tábla 4.1

Díorthaigh chothromais – cinneadh leachtachta, raonta meánmhéid bharúlaigh laethúil, tairseach LIS réamhthrádála, agus córas iarchurtha

Aitheantas Aicme	Aicme	Chun tairseacha LIS réamhthrádála agus tairseacha méide idirbhirt a chinneadh, déanfar gach aicme a dheighilt a thuilleadh ina bhfo-aicmí, mar a shainmhínítear thíos	Cinneadh leachtachta	Raonta meánmhéid bharúlaigh laethúil	Tairseacha LIS réamhthrádála	Tairseacha méide idirbhirt (os a gcionn nó cothrom leo)		
						Tairseacha iarthrádála meánmhéide	Tairseacha iarthrádála mórmhéide	Tairseacha iarthrádála de mhéid an-mhór
EQ1	Roghanna stoc-innéacs	Saineofar fo-aicme roghanna stoc-innéacs leis na critéir dheighilte seo a leanas: **Critéar deighilte 1 - innéacs stoic foluiteach**	Leachtach	ADNA < EUR 100 m	EUR 25 000	EUR 1 000 000	EUR 1 500 000	EUR 3 000 000
				EUR 100 m ≤ ADNA < EUR 200 m	EUR 3 000 000	EUR 25 000 000	EUR 30 000 000	EUR 60 000 000
				EUR 200 m ≤ ADNA < EUR 600 m	EUR 5 500 000	EUR 50 000 000	EUR 55 000 000	EUR 110 000 000
				ADNA ≥ EUR 600 m	EUR 20 000 000	EUR 150 000 000	EUR 160 000 000	EUR 320 000 000
EQ2	Todhchaíochtaí innéacsanna stoic	Saineofar fo-aicme todhchaíochta innéacsanna stoic/fo-aicme conartha réamhcheaptha innéacsanna stoic leis na critéir dheighilte seo a leanas: **Critéar deighilte 1 - innéacs stoic foluiteach**	Leachtach	ADNA < EUR 100 m	EUR 25 000	EUR 1 000 000	EUR 1 500 000	EUR 3 000 000
				EUR 100 m ≤ ADNA < EUR 1 bn	EUR 550 000	EUR 5 000 000	EUR 5 500 000	EUR 11 000 000
				EUR 1 bn ≤ ADNA < EUR 3 bn	EUR 5 500 000	EUR 50 000 000	EUR 55 000 000	EUR 110 000 000
				EUR 3 bn ≤ ADNA < EUR 5 bn	EUR 20 000 000	EUR 150 000 000	EUR 160 000 000	EUR 320 000 000
				ADNA ≥ EUR 5 bn	EUR 30 000 000	EUR 250 000 000	EUR 260 000 000	EUR 520 000 000

Aitheantas Aicme	Aicme	Chun tairseacha LIS réamhthrádála agus tairseacha méide idirbhirt a chinneadh, déanfar gach aicme a dheighilt a thuilleadh ina bhfo-aicmí, mar a shainmhínítear thíos	Cinneadh leachtachta	Raonta meánmhéid bharúlaigh laethúil	Tairseacha LIS réamhthrádála	Tairseacha méide idirbhirt (os a gcionn nó cothrom leo)		
						Tairseacha iarthrádála meánmhéide	Tairseacha iarthrádála mórmhéide	Tairseacha iarthrádála de mhéid an-mhór
EQ3	Scair-roghanna aonair	Saineofar fo-aicme scair-rogha leis na critéir dheighilte seo a leanas: **Critéar deighilte 1 - sciar foluiteach**	Leachtach	ADNA < EUR 5 m	EUR 25 000	EUR 1 000 000	EUR 1 250 000	EUR 2 500 000
				EUR 5 m ≤ ADNA < EUR 10 m	EUR 300 000	EUR 1 250 000	EUR 1 500 000	EUR 3 000 000
				EUR 10 m ≤ ADNA < EUR 20 m	EUR 550 000	EUR 2 500 000	EUR 3 000 000	EUR 6 000 000
